AN ROINN OIDEACHAIS

DEPARTMENT OF EDUCATION

# AOIS AN CHRÉ - UMHA

# THE BRONZE AGE

Nótaí le :
P. Harbison.
Notes by :

*NÓTAÍ le dul leis an stiallscannán den ainm céanna.*
*NOTES to accompany the filmstrip of the same title.*

© Rialtas na hÉireann, 1976.

# Aois an Chré-umha.

## Réamhrá.

Is dócha gur úsáideadh miotal den chéad uair in Éirinn thart ar an mbliain 1800 R.Ch. - agus de réir a chéile gur thóg sé áit na cloiche mar amhábhar le haghaidh uirlisí agus arm agus le haghaidh seod. Roinneann an seandálaí an tréimhse réamhstaire ina trí aois de réir an phríomhábhair a bhíodh in úsáid i ngach aois acu i.e. cloch, cré-umha agus iarann. Tá úsáid miotail den chéad uair tábhachtach mar sin toisc go gcuireann sé in iúl go bhfuil deireadh tagtha leis an gClochaois agus go bhfuil aois an Chré-umha ag tosú. Ní hé sin le rá gur thosaigh an Chlochaois agus gur chríochnaigh aois an Chré-umha ar lá faoi leith i mbliain faoi leith. Is de réir a chéile a tháinig an t-athrú ó uirlisí cloiche go huirlisí copair agus ansin go huirlisí cré-umha. Toisc nach tréimhsí a bhí glan deighilte óna chéile a bhí iontu bhí uirlisí cloiche fós in úsáid go forleathan i rith aois an Chré-umha. Ní hé sin le rá ach oiread gur tháinig athrú mór ar shaol na gnáthmhuintire mar is beag feabhas a chuir an miotal ar chóir mhaireachtála ná ar mhodhanna feirmeoireachta. Ba chuid líonmhar de phobal aois an Chré-umha iad sliocht phobal na Clochaoise a bhí fós ag lonnú sa tír. Ach ní raibh iontu siúd a thug isteach eolas ar mhiotal ar dtús ach dream beag amháin de na grúpaí a chuir le líon na ndaoine sa tír agus a thug deasghnátha nua adhlachtha leo. Is dócha freisin gur thug na daoine nua seo faoi phobal na Clochaoise a bhrú siar agus seilbh a ghlacadh iad féin ar na tailte ab fhearr in oirthear agus i dtuaisceart na tíre. Ní féidir linn a rá cén cine dár díobh na dreamanna nua seo ach d'fhéadfadh sé gur labhair roinnt, nó go leor díobh, teanga Cheilteach nó teanga ónar fhás Gaeilge an lae inniu.

Faoi dheireadh na Clochaoise tosaíodh ar nós nua adhlactha. Ba é an sean-nós roinnt daoine nó fiú glúnta de theaghlaigh a adhlacadh i dtuamaí móra teaghlaigh - ar a dtugtar anois Tuamaí Meigiliteacha. I dtús aois an Chré-umha tosaíodh ar mhodh nua adhlactha a chleachtadh go forleathan, modh ina gcuirtí corp aonair in uaigh chloiche leis féin. Scaití dhóití an corp sula gcuirfí é agus scaití eile ní dhóití. Mhair an sean-mhodh Meigiliteach san iardheisceart amháin. B'fhéidir, dá bhrí sin, gurbh iad sliocht phobal na Clochaoise a chloígh leis an sean-mhodh sin, is é sin, a gcuid marbh a chur go traidisiúnta i dtuamaí teaghlaigh in áit glacadh le huaigheanna coirp aonair.

Tugaimid "tuamaí dingeacha" ar na tuamaí teaghlaigh sin. Is é atá iontu uaimh fhada adhlactha a bhfuil cruth U orthu.

Bhí deireadh na ngrúpaí daoine tagtha go hÉirinn faoi 1400 R.Ch. agus ní dócha gur athraigh comhdhéanamh an daonra mórán i rith Aois an Chré-umha go teacht an Iarannaois. Is óna gcuid deasghnátha adhlactha agus óna gcuid soithí a fhaighimid formhór ár gcuid eolais faoi phobal Aois an Chré-umha. Tagann laghdú mór ar an bhfoinse eolais seo tar éis an 14ú aois nuair a maolaíodh go mór ar úsáid uaigheanna cloiche agus ar an nós a bhí ann soithí bia agus dí a fhágáil ag na mairbh. Níl fáil againn ar mhórán eolais faoi adhlacadh, faoi shoithí ná fiú faoi na daoine féin ón 14ú aois go deireadh Aois an Chré-umha, cé go ndealraíonn sé go dtagann soithí garbha réthónacha chun cinn thart ar an 8ú aois R.Ch. Níl againn ón ré sin d'fhoinsí ach earraí óir agus cré-umha a insíonn go leor dúinn faoi phaiteantacht ceardaithe leis an miotalóireacht ach nach n-insíonn dada dúinn faoi na ceardaithe iad féin.

Ach ó na mairbh go dtí an beo agus caithfear a admháil gur mó eolais atá againn faoi mharbháin Aois an Chré-umha ná mar ata againn fúthu nuair

a bhí siad ina mbeatha. I dtosach Aois an Chré-umha is cosúil gur i dtithe beaga gan chosaint a bhí déanta as láib nó as adhmad a chónaídís. Ba bhothán bheaga chruinne nó botháin dhronuilleacha, mar a bhí le fáil in Éirinn fiú go dtí an aois seo caite, cuid de na tithe sin. Chónaídís freisin i logáin sa talamh a raibh díon curtha orthu. Tharlódh áfach gur ré cogaíochta a bhí i ndeireadh Aois an Chré-umha agus is beag é ár n-eolas ar thithe na tréimhse. Tá raidhse arm tagtha chun solais ón tréimhse seo agus seo é freisin an t-am a ndearnadh crannóga ar dtús. Is éard atá sa chrannóg ná oileán bréige amuigh i lár locha agus é déanta as adhmad. San am seo freisin timpeallaíodh barra na gcnoc le ballaí. Le haghaidh cosanta, de réir dealraimh, a rinneadh na rudaí seo ar fad. B'amhlaidh do phobal Aois an Chré-umha agus na chéad mhanaigh Chriostaí in Éirinn, mar sháraigh siad araon a saol simplí bunata chun saothair ealaíonta a chur ar fáil. Ó lámha phobail seo Aois an Chré-umha tháinig oibreacha iontacha ornáidíochta agus go speisialta a gcuid saothair in ór. Is ar na hornáidí seo go speisialta a chaithfimid ár staidéar a dhíriú más mian linn an léargas is fearr a fháil ar shaol lucht a ndéanta.

FRÁMA 1 Fráma Teidil

FRÁMA 2 Saighead

Ba iad lucht na n-eascraí a thug an tsaighead agus an bogha go hÉirinn ar dtús. Tugadh an t-ainm sin ar na daoine seo toisc go mbíodh soithí den déanamh eascra á n-úsáid acu. Ba cheann de na chéad dreamanna a tháinig go hÉirinn ag tús Aois an Chré-umha iad lucht na n-eascraí. Ag sealgaireacht ainmhithe a bhídís leis an mbogha agus na saigheada. Dhéanaidís barra a gcuid saighead as breochloch (b-d). Chaitheadh na boghdóirí cosaint ar a gcuid rostaí ar a dtugtaí cumhdach caol láimhe (a) lena gcraiceann a shábháil ó ghortú nuair a scinneadh sreang an bhogha ar ais.

FRÁMA 3 Adhlacadh comhchoiteann

In uaigheanna móra cloiche cosúil leis an gceann seo i gContae an Chláir a chuirtí na mairbh ag tús Aois an Chré-umha. Ba ionaid adhlactha comhchoiteanna iad na huaigheanna seo agus dhéantaí iad as an gcineál céanna de chlocha móra agus atá le fáil in uaimheanna cobrach agus tuamaí cúirte na Clochaoise. In iarthar na hÉireann is mó atá na huaigheanna seo le fáil.

FRÁMA 4 Uaigheanna

Anseo feicimid na huaigheanna aonair a tháinig in úsáid de réir a chéile ó thús aois an Chré-umha. Chuirtí soitheach bia in éineacht leis an gcorp san uaigh leacthaobhach. San uaigh bheag chearnógach eile chuirtí luaith an mharbháin agus í á clúdach ag próca iompaithe béal faoi.

/...

FRÁMA 5 Dioscaí

Ba iad lucht na n-eascraí a thug eolas ar mhiotalóireacht go hÉirinn ar dtús thart ar an mbliain 1800 R.Ch. Is i ndiaidh 1800 R.Ch. mar sin a rinneadh an dá theasc seo. Bhí an t-ór ar cheann de na chéad mhiotail a oibríodh in Éirinn agus tá na teascanna seo ar na hornáidí óir is sine dá bhfuil againn. Téann an dá theasc seo le chéile mar phéire agus is dócha gurbh amhlaidh a d'fhuaití de thosach baill éadaigh iad.

FRÁMA 6 Luanla

Ón mbliain 1600 R.Ch. amach bhí an t-ór ag éirí níos fairsinge agus dá bharr seo d'fhéadfaí ornáidí níos mó a dhéanamh leithéid an luanla. Is cosúil gur maisiúchán muiníl a bhí sa luanla agus ba é cruth na gealaí an cruth a bhí air. Patrúin chéimseatúla mar thriantáin agus línte greanta na maisiúcháin a bhíodh ar na luanlaí seo. Is fairsinge luanlaí in Éirinn ná in aon tír eile. Thárlódh gur aithris iad luanlaí na hEorpa agus luanlaí na hAlban ar luanlaí na hÉireann.

FRÁMA 7 Soitheach bia

Bhí nós ag na págánaigh bia a adhlacadh in éineacht leis an gcorp mar lón ar an aistear go dtí an saol eile. Ba i soithí cosúil leis an gceann san fhráma seo ba mhinice a chuirtí an bia do chorp aonair thart ar 1500 R.Ch, is é sin, ag tús aois an Chré-umha. Cruth babhla nó vása is minice a bhíodh ar na soithí seo.

FRÁMA 8 Síothal

Tar éis na bliana 1600 R.Ch. dhóití na coirp agus ansin d'adhlactaí



/...

an luaith agus na cnámha i síothal.. Scaití chuirtí na cnámha síos san síothal agus ansin chlúdaítí an uaigh. Scaití eile dhéantaí carnán de na cnámha ar an uaigh, d'iompaítí an síothal anuas sa mullach orthu, agus ansin chlúdaítí an uaigh.

## FRÁMA 9 Mionchupa

Chuirtí mionchupaí in éineacht le roinnt daoine a fuair bás thart ar 1400 R.Ch. Ceaptar gur deoch don chorp a bhíodh iontu. Mionchupa déchónach a thugtar ar an gceann san fhráma seo agus ba é sin an déanamh ba choitianta. Is i dtuaisceart agus in oirthear na tíre a fuarthas na cinn seo agus is dócha gur sna ceantair sin a tháinig siad chun cinn ar dtús.

## FRÁMA 10 Tuanna Cré-umha

Bhí Éire ar an tír ba mhó a bhí ag táirgeadh Cré-umha i dtús Aois an Chré-umha. Rinneadh na mílte uirlis ar nós na dtuanna seo le linn an ama sin. B'fhearr tuanna Cré-umha ná tuanna cloiche mar ní bhrisidís chomh héasca agus bhí sé níos fusa iad a mhúnlú sa chruth ceart. D'úsáidtí iad chun na foraoiseacha a ghlanadh den talamh. Is minic a bhídís maisithe le patrúin chéimseatúla mar thriantáin agus le hornáidíocht eile i gcosúlacht téide.

## FRÁMA 11 Múnla cloiche

San Iarsmalann Náisiúnta tá tuanna copair ar taispeáint a múnlaíodh i múnlaí cloiche. Is amhlaidh a dhéantaí log sa chloch ar mhacasamhail an chrutha a bhí ceaptha don tua chríochnaithe. Dhoirtí isteach an miotal leáite sa mhúnla seo agus ansin chlúdaítí an múnla. Nuair a bhíodh an miotal fuaraithe thógtaí



/...

amach an tua agus ansin chuirtí slacht uirthi le casúr. Úsáideadh múnlaí cré níos déireanaí in Aois an Chré-umha.

## FRÁMA 12 Tuanna Eiteacha

Ní raibh aon bhac ar an tua chomhréidh a bhí in úsáid go dtí seo, a choiscfeadh í ó sciorradh nuair a bhuailfeadh sí an t-adhmad. Is mar leigheas ar an bhfadhb seo a smaoiníodh ar an tua ar a dtugaimid anois an Tua eiteach. Cuireadh "eití" amach as taobhanna na tua agus ardaíodh i lár baill í, sa chaoi nár fhéad sí bogadh gan smacht. Ní raibh baol ansin go mbrisfí an chois faoi mar a thárlaíodh i gcás na dtuanna roimhe sin.

## FRÁMA 13 Cos Tua

Thart ar an mbliain 1000 R.Ch., fuarthas amach go mba é an bealach ba shábháilte le cos a cheangal le tua ná an chos a chur isteach sa tua féin agus ansin iad a cheangal dá chéile le sreangán. D'fhágtaí cuas sa tua chun an chos a chur isteach ann. Chuirtí lúb ar thaobh na tua leis an sreangán a chur inti. Cheanglaíodh an sreangán sin an sáfach uillinneach den tua.

## FRÁMA 14 Siséal Cré-umha

Is siséal cré-umha, é seo a bhí in úsáid ag siúinéir in Aois an Chré-umha. Ón eolas atá againn faoin bhfairsinge foraoiseacha a bhí in Éirinn sa chianaimsir, is dócha go mbíodh adhmad in úsáid go mór ag pobal Aois an Chré-umha. Tá sé beagnach cinnte go raibh siúinéirí ann a bhíodh ag déanamh cuaillí le haghaidh tithe d'aon cheird. Bhí an bior ag barr an tsiséil Chré-umha seo clúdaithe le hadhmad atá lofa ó shin.



/...

## FRÁMA 15 Corrán Cré-umha

Bhraith slí bheatha phobal Aois an Chré-umha ar an bhfeirmeoireacht agus mar gheall air seo bhí an-tábhacht ag baint léi. Theastaigh féar tirim ón bhfeirmeoir mar bheatha dá chuid beithíoch agus theastaigh cruithneacht agus eorna uaidh mar bheatha dó féin. D'úsáideadh sé corrán cam Cré-umha cosúil leis an gceann sa phictiúr seo le haghaidh na barra seo a bhaint. Bhíodh an corrán seamaithe de lámh ghearr adhmaid, (atá lofa ó shin), le seama miotail a chuirtí tríd an bpoll a bhíodh ag bun cró an chorráin.

## FRÁMA 16 Rásúr

Ní túisce féasóg i bhfaisean ná a mhalairt ar feadh stair uile an duine. Ach is ón am thart ar 1300 R.Ch., an rásúr san fhráma seo agus is dócha gur glanbhearrtha ab fhearr le mná na linne sin a gcuid fear a bheith. Is ón gcineál seo rásúir a thagann lanna rásúir an lae inniu chun cinn.

## FRÁMA 17 Lann Halbaird

Is éard atá san halbard, arm láimhe a dhéantar trí lann mhiotail agus sáfach adhmaid a chur i bhfostú go hingearach dá chéile. San fhráma seo feicimid an lann agus na seamaí ach is fadó an sáfach adhmaid lofa. Téann an saghas halbaird a úsáideann an Garda Eilvéiseach sa Vatacáin siar chomh fada le hAois an Chré-umha. Is mó halbard atá le fáil in Éirinn ná in aon tír eile san Eoraip ach níl a fhios againn an i gcogaíocht nó i ndeasghnátha a d'úsáidtí iad.



/...

FRÁMA 18 Miodóg Chré-umha.

Ba mhiodóga, claimhte agus ráipéir na hairm láimhe ba choitianta i rith Aois an Chré-umha in Éirinn. Feictear ón bpictiúr seo go mbíodh faid éagsúla sna miodóga a d'úsáidtí chun daoine agus ainmhithe a mharú. Tá na seamaí a ghreamaíodh an lann den lámh adhmaid le feiceáil ar an miodóg láir.

FRÁMA 19 Lanna Cré-umha

Ceaptar gur athraigh tionchar Mhycenae an gnás troda sa tír seo thart ar an mbliain 1400 R.Ch. Ón am sin ar aghaidh úsáideadh sleánna a bhí i bhfad níos marfaí ná saigheada. Tá lanna ón 15ú agus an 14ú Aois R.Ch., le fáil fós agus is amhlaidh a chuirtí na lanna cré-umha seo ar sáfaigh adhmaid. I dtús an chatha, chaití na lanna seo leis an namhaid sula dtosaítí ar chomhraic láimhe le miodóga.

FRÁMA 20 Claíomh

Bhí cogaíocht idirdaonna ar siúl i bhfad sular tosaíodh ar stair an domhain a scríobh. Tháinig claimhte ilchruthacha le haghaidh cogaíochta in úsáid in Éirinn sa mhíle bliain deiridh R.Ch. Chomh maith le bheith ag sá an namhad leis na claimhte seo dhéantaí é a scoradh leo freisin. Le haghaidh fuinneamh maith a chur leis an scoradh seo bhíodh meáchan sa chlaíomh in aice a rinne.

FRÁMA 21 Biorán Cré-umha

Thart ar 800 R.Ch., thosaigh mná agus fir na hÉireann ag ceangal a gcuid éadaigh le bioráin cosúil leis na bioráin a bhí fairsing i gCríoch Lochlann. Ceaptar gur éirigh an aeráid in Éirinn níos



/...

fuaire ag an am seo agus gurbh é sin an fáth go raibh gá le héadach níos troime. Is minic a bhíodh cloigne cruinne na mbiorán seo maisithe le línte comhlárnacha.

## FRÁMA 22 Fáinní, Ornáidí, etc.

Tháinig boinn mar is eol dúinne iad in úsáid in Éirinn den chéad uair thart ar 1000 A.D. Ach bhí fáinní beaga óir mar iad seo sa phictiúr in úsáid mar mheáin mhalartaithe ag daoine in Éirinn le beagnach dhá mhíle bliain roimhe sin. Toisc nach raibh aon scála cinnte luacha socraithe le haghaidh na n-ornáidí seo ní féidir linn a rá go raibh fáinne amháin níos luachmhaire ná ceann eile. D'fhéadfadh sé freisin go mbíodh luaidhe measctha leis an ór sna fáinní seo sa chaoi go mbeadh siad níos troime, agus de bharr an mheáchain bhreise seo, go mbreathnóidís níos luachmhaire ná mar a bhí siad i ndáiríre.

## FRÁMA 23 Fáinní Cluas

Tosaíodh ar chineál nua fáinní cluas a chaitheamh in Éirinn thart ar an 14ú Aois R.Ch., agus d'fhéadfadh sé gur ó Oirthear na Meánmhara a tugadh iad. Ba as barra óir ar a mbíodh feirí a dheilbhítí na fáinní cluas seo. Is amhlaidh a chastaí na feirí chun cuma gluairneánach a thabhairt orthu. Ní bhíodh aon mhaisiú ar chuid de na fáinní cluas seo agus bhraith a n-éifeacht ar an loinnir a bhí iontu.

## FRÁMA 24 Ornáidí Óir

Ba mhinic a dhéantaí ornáidí, mar iad seo, in Éirinn sna blianta ó 1200 - 900 R.Ch. Chun iad a dhéanamh is amhlaidh a chastaí barra



/...

óir. Ba cheird an-chasta í seo. Taispeáineann cumas gaibhne óir na tréimhse seo, chun casadh a chur i mbarra óir, foirfeacht a gceardaíochta. I dTeamhair a fuarthas an Torc is mó atá sa phictiúr seo agus tá sé sách mór le caitheamh timpeall an choim. Timpeall an mhuiníl a chaití an torc is lú atá le feiceáil anseo.

FRÁMA 25 Bosca chun ornáidí óir a chur sa talamh ann

Ba mhiotal luachmhar é an t-ór, fiú le linn Aois an Chré-umha agus níor mhór a bheith fíorairdeallach faoi. I mboscaí mar an ceann sa phictiúr seo a chuireadh daoine a gcuid ornáidí nuair a bhíodh an saol corrach. Chuirtí na hornáidí isteach i gcuas a bhí gearrtha amach as croí an bhosca agus chuirtí an bosca sa talamh ansin. Fiú dá gcuardófaí sa talamh féin b'fhurasta a cheapadh go mba stoc crainn é an bosca.

FRÁMA 26 Ornáidí Óir

Cheannaigh an stát na hornáidí óir seo ar £10,000 roinnt blianta ó shin. Bhí siad thíos sa bhosca a chonaiceamar san fhráma deiridh nuair a fuarthas iad ar dtús. Cruth láimhe atá ag leathnú amach i dtreo na gciumhaiseanna an bunchruth atá ar na hornáidí seo uile. Is dócha gur chun muinchillí a cheangal a úsáideadh an chuid is lú de na hornáidí sa phictiúr seo ar nós lúibíní cufa an lae inniu.

FRÁMA 27 Tuilleadh Ornáidí Óir

D'úsáidtí na hornáidí óir seo chun baill éadaigh a fháisceadh. Leis an éadach a dhúnadh chuirtí na barra atá cosúil le trumpaí isteach sna poill chnaipí ón taobh amuigh agus choinníodh an chuid idir an dá bharr seo an t-éadach dúnta. Ní bhíodh le feiceáil



/...

ansin ón taobh amuigh ach an chuid láir seo. Fuarthas go leor den chineál ornáide atá sa phictiúr seo i bhfrith mór an Chláir sa bhliain 1854. B'in í an éadáil ba mhó dar thángthas uirthi riamh san Eoraip.

## FRÁMA 28 Scornáin

Rinneadh na scornáin atá san fhráma seo thart ar an mbliain 700 R.Ch. agus is dócha gur mar ornáid mhuiníla bhí siad le caitheamh. Ba é déanamh na scornán seo buaicphointe cheird na gaibhneachta in Éirinn sa tréimhse réamhstaire. Is éard à bhí iontu ná seacht mbarra chomhlárnacha i bhfostú dá chéile ag banda a bhí múnlaithe i gcosúlacht rópa. Thug an banda seo feiceálacht do na barraí. Fuaite den bhanda seo ansin le snáth óir, bhí dhá dhiosca a bhí maisithe go hálainn.

## FRÁMA 29 Coire Cré-umha

Is sampla é an coire cré-umha sa phictiúr seo de na scothearraí a déanadh as cré-umha in Éirinn san 8ú agus sa 7ú aois R.Ch. Sa choire seo tá na píosaí cré-umha greamaithe dá chéile le seamaí. D'fhéadfadh sé go mbíodh an coire seo á úsáid ag fleánna nó i ndeasghnátha. Is dócha gur ó oirthear na Meánmhara a tháinig coirí den saghas seo ar dtús.

## FRÁMA 30 Adharca Cré-umha

Thart ar an mbliain 700 R.Ch., is é sin deireadh Aois an Chré-umha, rinneadh go leor adharca cré-umha in Éirinn. Bhí na hadharca seo roinnt cosúil leis na hadharca a bhí comhaimseartha leo i gCríoch Lochlann. Tá dhá chineál adhairce le feiceáil sa sleamhnán seo.



/...

Shéidtí ón taobh an adharc atá le feiceáil i mbun an phictiúir agus ní chasadh sí ach nóta amháin a bhí íseal. Shéidtí an adharc atá le feiceáil i mbarr an phictiúir óna bun agus chasadh sí dhá nóta a raibh réimse octaigh eatarthu. D'fhéadfadh sé gur i gcogaíocht nó ag fleánna a d'úsáidtí na hadharca seo.

## FRÁMA 31 Sciath Chré-umha

Rinneadh go leor sleánna agus claimhte i ndeireadh Aois an Chré-umha - is é sin ón mbliain 800 R.Ch., amach. Chun é féin a chosaint ar na sleánna agus ar na claimhte seo níor mhór do dhuine sciath mhór a bheith aige. D'fhéadfadh a sciath a bheith déanta as cré-umha, cosúil leis an gceann sa phictiúr seo nó í a bheith déanta as adhmad nó as leathar. Níl ach cúpla sciath réamhstaire againn ó Éirinn agus is ceann díobh í an sciath atá le feiceáil anseo. Tá scoththeilgin cré-umha ar an sciath seo.

## Nóta.

Is don mhúinteoir go háirithe ábhar na nótaí seo agus níor chóir go léifí iad, fráma ar fhráma, do na páistí. Bheifí ag súil go ndéanfadh an múinteoir staidéar ar na pictiúir agus ar na nótaí roimhré sula gcuirfí i láthair an ranga iad.

Is féidir freisin an stiallscannán a ghearradh agus sleamhnán ar leith a dhéanamh de gach fhráma. Sa chaoi sin d'fhéadfaí breis so-lúbthachta a fhorbairt sa mhodh ina gcuirfí i láthair na bpáistí iad.

## Note.

The content of these notes is primarily intended for the teacher and is not designed to be read frame by frame to the children. Rather it is hoped that the teacher preview the filmstrip and read the script before deciding on the most effective method of presentation.

The filmstrip may be cut up and framed as individual slides thus allowing greater flexibility from the presentation point of view.